C/2026/2184

15.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12331 — EEE / EDF RP / ME KOBIERNICE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2184)

1. An 7 Aibreán 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Eurus Energy Europe B.V. ('EEE', an Ísiltír), atá faoi rialú deiridh Toyota Tsusho Corporation ('TTC', an tSeapáin),

— EDF Renewables Polska sp. z o.o. ('EDF RP', an Pholainn), atá faoi úinéireacht ghrúpa EDF, faoi rialú deiridh Stát na Fraince,

— ME Kobiernice sp. z o.o. ('ME Kobiernice', Poland), faoi úinéireacht iomlán EDF RP faoi láthair.

Gheobhaidh EEE agus EDF RP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaiscar ME Kobiernice.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann EEE tionscadail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus a oibriú agus déanann sé infheistíocht iontu ar fud an domhain, agus béim á leagan ar thionscadail ghaoithe ar talamh agus fhótavoltacha,

— Déanann EDF RP tionscadail a fhorbairt, a thógáil, a oibriú agus a chothabháil sa Pholainn a bhaineann le fuinneamh gaoithe, le fuinneamh gréine agus le Córas Stórála Fuinnimh Ceallraí (BESS).

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó ME Kobiernice tionscadal BESS a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú in Kobiernice na Polainne.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

CÁS M.12331 – EEE / EDF RP / ME KOBIERNICE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË